ELeathanach31

Dé Luain 19 Deireadh Fómhair 2009

Oighear-rinc Nua agus Haca Oighir sa Phríomhchathair

Haca oighir

Tá oighear-rinc nua i mBaile Shéarlais (Charlestown) i mBaile Átha Cliath. Thosaigh daoine ag dul isteach inti i mí an Mheithimh 2009. Tá ag éirí go han-mhaith léi. Is féidir leat dul ag scátáil an bhliain go léir anois.

Is féidir leat féachaint ar chluichí haca oighir san oighear-rinc freisin. Na Charlestown Chiefs is ainm don fhoireann áitiúil. Bíonn ranganna haca oighir ann chomh maith.

Boyzone - Bás tobann Stephen Gately

Bhain bás Stephen Gately geit uafásach asainn go léir an tseachtain seo caite. Fuair Stephen bocht bás gan choinne agus é ina theach saoire i Majorca sa Spáinn. Ní raibh sé ach trí bliana is tríocha d'aois.

Bhí os cionn 3,500 duine ann Dé Sathairn nuair a bhí a shochraid ar siúl i lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba as lár na cathrach do Stephen.

The X Factor

Ní raibh Louis Walsh ar an gclár 'The X Factor' Dé Sathairn nó Dé Domhnaigh toisc go raibh sé i mBaile Átha Cliath ag sochraid Stephen Gately. An bhfuil ainmneacha na moltóirí eile ar eolas agat?

Chan John agus Edward an t-amhrán 'Oops!...I did it again'. Bhí an cúpla Éireannach ocht mbliana déag d'aois an tseachtain seo caite agus bhí cáca mór acu. An gceapann tú go mbeidh an bua ag John agus Edward?

Bhí Cheryl Coyle agus Whitney Heuston ag canadh ar an gclár chomh maith.

Tá an geimhreadh ag teacht!

Nach raibh an aimsir go hálainn le cúpla seachtain? Don chuid is mó, bhí sé tirim, geal agus grianmhar. Is maith an rud go raibh, mar ní raibh aimsir an tsamhraidh thar mholadh beirte (worth talking about).

Anois tá na duilleoga ag titim. Nach bhfuil na dathanna go hálainn? An bhfuil a fhios agat cén fáth a bhfuil na hainmneacha 'Meán Fómhair' agus 'Deireadh Fómhair' ar an dá mhí seo?

Ná déan dearmad an clog a chur siar ag a dó a chlog (ar maidin) Dé Domhnaigh seo chugainn. An bhfuil fhios agat cathain a thosóidh am an tsamhraidh arís?

ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel, Sion Hill, An Charraig Dhubh, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.